Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Rúisis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Teanga Scríofa**
**220 MARC**

**Tarscaoileadh:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe eile den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**An scéim mharcála a dhíchódú:**

- Léiríonn stríoc [/] malairtí; déanfaidh ceachtar acu.
- Cuimsíonn lúibíní cruinne ( ) eolas atá bailí ach nach bhfuil riachtanach do mharcanna.

**ROINN I (160 marc)**

Ba chóir d'iarrthóirí tabhairt faoi GACH ceist.

**A. AISGHABHÁIL EOLAIS (60 marc)**

**Téacs 1**

Léigh an téacs seo a leanas agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge**. (34 marc)

***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh/coincheap atá ceart mura luaitear a mhalairt (gach smaoineamh/coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh/coincheap atá ceart go páirteach. Ná bain marcanna as Gaeilge mhícheart (litriú, comhréir) seachas sa chás go gcuireann sí bac ar chumarsáid.***

Freagair na ceisteanna seo a leanas i nGaeilge.

1. Cén cineál eolais a thugtar faoi gach bialann? Scríobh amach de láimh i script reatha gach ceann de na focail agus de na frásaí sa cholún ar chlé thíos agus tabhair aistriúchán ar gach ceann díobh. Mura bhfuil a fhios agat cad is ciall le haon cheannteideal díobh, féach ar an gcineál eolais a thugtar faoin gceannteideal sin agus tabhair buille faoi thuairim eolach. **(8 x 2 = 16)**

| | Cuir as an áireamh mar gur theip ar fhormhór na n-iarrthóirí an tasc a thuiscint. | Aistriúchán / A choibhéis i gceachtar teanga i gcolún 1 nó i gcolún 2 (x 2 mharc) |
|---|---|---|
| Тип: | | Saghas / cineál bialainne |
| Кухня: | | Cócaireacht / bia / náisiúntacht na stíle cócaireachta / cistin |
| Адрес: | | Seoladh |
| Количествозалов: | | Líon seomraí / hallaí / seomraí bia |
| Телефон: | | Uimhir ghutháin |
| Часыработы: | | Uaireanta oscailte |
| Метро: | | Meitreo / an dóigh le dul ann |
| Среднийсчет: | | Meánchostas an bhille |

2. Dá mbeadh ócáid á heagrú agat in éineacht le cairde, cén bhialann a rachfá chuici i ngach ceann de na cúinsí seo a leanas? **(4 mharc)**

ii.a Má thaitníonn bia Seapánach leat (2)

Кавказский дворик / ЛиВуар

ii.b Dá mbeifeá ag tabhairt leanaí amach le haghaidh béile (2)

Кавказский дворик

3. Comhlánaigh an fhoirm áirithinte ar líne seo a leanas le haghaidh ócáide in éineacht le cairde i do rogha bialann. Ná luaigh d’ainm féin ná fíoreolas teagmhála. Freagair i Rúisis nó i nGaeilge. **(1 mharc as gach líne = 8 marc)**

| | |
|---|---|
| 1. Название ресторана | |
| 2. Дата заказа | |
| 3. Время заказа | |
| 4. Количество персон | |
| 5. Планируемый бюджет (на человека) | |
| 6. Ваше имя | |
| 7. Ваша фамилия | |
| 8. Контактный телефон | |

Léirthuiscint teanga: Tabhair trí fhrása ina mbeidh aidiacht (прилагательное) agus ainmfhocal (существительное), ceann acu firinscneach, ceann acu baininscneach agus ceann acu neodrach. Roghnaigh do chuid freagraí as na téacsanna gearra thuas. Ní ceadmhach duit an sampla sa fhreagra samplach a úsáid. **(2 mharc as gach frása = 6 mharc). Bronn lánmharcanna as frása ainmfhocail den inscne cheart, cibé acu atá sé sa téacs nó nach bhfuil. Bronn leathchuid de na marcanna atá ar fáil as ainmfhocal (nó aidiacht) den inscne iomchuí.**

Sampla/пример firinscneach: банкетный зал

| | aidiacht | ainmfhocal |
|---|---|---|
| firinscneach: | ______________ | __________________ |
| baininscneach: | ______________ | __________________ |
| neodrach: | ______________ | __________________ |

**Téacs 2**

Léigh an téacs seo a leanas agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge**. (26 marc)

***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh/coincheap atá ceart mura luaitear a mhalairt (gach smaoineamh/coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh/coincheap atá ceart go páirteach. Ná bain marcanna as Gaeilge mhícheart (litriú, comhréir) seachas sa chás go gcuireann sí bac ar chumarsáid.***

Freagair na ceisteanna seo a leanas i nGAEILGE.

1. Cá bhfuil an scoil ‘Inspiration’? **(2 mharc)** (níl sí i bhfad ó lár) Bhaile Átha Cliath + Domhnach Broc
2. Luann an fógra **naoi** ngrúpa foghlaimeoirí. Roghnaigh **cúig** ghrúpa ar bith díobh. Tabhair **dhá** shonra faoi **gach** grúpa. **(2 mharc as gach sonra x 2 shonra as gach grúpa x 5 ghrúpa = 20 marc**)

| | |
|---|---|
| Grúpa 1 | do leanaí beaga / réamhscoile (agus do leanaí i ranganna na Naíonán (Sóisearach agus Sinsearach) + leanaí idir 3 bliana d’aois agus 7 mbliana d’aois + 3 ghrúpa + Rúisis |
| Grúpa 2 | teanga agus litríocht na Rúise + clár scoile Chónaidhm na Rúise + 2 ghrúpa // bunscoil/scoil tosaitheoirí / rang 1-4 + meánscoil (rang 5-11) // |
| Grúpa 3 | Rúisis + leanaí ag a bhfuil tuismitheoir Rúiseach amháin + leanaí as teaghlaigh dhátheangacha + 2 ghrúpa // 4-7 bliana d’aois + 8 mbliana d’aois - 12 bhliain d’aois // |
| Grúpa 4 | staidéar limistéar / staidéar tíre + teanga bhunúsach + tuismitheoirí leanaí uchtaithe |
| Grúpa 5 | Rúisis + leanaí uchtaithe + dhá ghrúpa // 4 bliana d’aois - 7 mbliana d’aois + 8 mbliana d’aois - 12 bhliain d’aois // |
| Grúpa 6 | dian-ullmhúchán don Ardteistiméireacht + 2013 + 2014 + do chainteoirí dúchasacha Rúisise + do dhaltaí nach bhfuil Rúisis mar theanga dhúchais acu |
| Grúpa 7 | Rúisis mar theanga iasachta + ullmhúchán do scrúduithe Rúisise + leibhéil A1 go C1 // A1 = leibhéal bunúsach + A2-B1 = Meánleibhéal + B1-B2 = ardleibhéal / líofa // |

| | |
|---|---|
| Grúpa 8 | ranganna ealaíne + múnlú cré + cóiréagrafaíocht + aisteoireacht + 2 ghrúpa // 4-6 bliana d’aois + 7 mbliana d’aois - 16 bliana d’aois |
| Grúpa 9 | Gaeilge + cainteoirí Rúisise + 3 leibhéal // leibhéal bunúsach + meánleibhéal + ardleibhéal // |

3. Roghnaigh **dhá** cheann de na focail ar an liosta thíos. Sa téacs, aimsigh focal a bhfuil an stoc céanna aige. **(2 mharc x 2 = 4 mharc)**

Múnla: язык (teanga) дву**языч**ный (dátheangach)

| | |
|---|---|
| 1 школа | дошкольный |
| 2 русский | русскоговорящий |
| 3 работать | работа |
| 4 сын | усыновленный |
| 5 готовить | подготовительный |
| 6 знать | знание |

## B. Measc agus Meaitseáil (40 marc)

**Agallaimh le daoine cáiliúla.**

Meaitseáil na hagallaimh seo a leanas leis na teidil seo a leanas. Scríobh uimhir an agallaimh chuí sa spás taobh le gach teideal. (5 mharc as gach freagra ceart)

Teidil Agallaimh

| | |
|---|---|
| 3 | Алекс Кацаниклич — интервью с юной звездой «Ливерпуля» |
| 4 | Интервью с юной любительницей фэнтези |
| 6 | Интервью с юной моделью и начинающим фотографом Дубиной Мариной |
| 8 | Интервью с юной спортсменкой помотокроссу Екатериной Стукало |
| 7 | Интервью с юным танцором |
| 1 | интервью с юным участником «Eurobot 2011», представителем России - Ильей Дорониным. |
| 5 | Интервью с юным хендлером |
| 2 | Интервью со студенткой, автор блога moosbeere.ru |

## C. Struchtúrú Dioscúrsa (20 marc)

Tabhair na focail cheisteacha atá in easnamh san agallamh seo a leanas le Laura. Roghnaigh do chuid freagraí as an liosta a thugtar thíos. (2 mharc in aghaidh an fhreagra)

Focail cheisteacha:

где
где
как
какая
какую
кто
сколько
чем
что
что

1. Как вас зовут, сколько вам лет и где вы живете? зовут меня Лора, мне 16 и живу я в Минске
2. Какую музыку Вы слушаете? punk, punk-rock, ska-punk
3. Какая/ Кто Ваша любимая группа? green day
4. Что для вас любовь? жизнь
5. Кто Ваш любимый писатель? Тургенев
6. А книга? много
7. Вы пишите стихи? нет
8. О чем Вы мечтаете? я вообще не мечтаю...
9. Где бы Вы хотели побывать? в Амстердаме... и остаться там жить...
10. А художник любимый есть? Шагал...
11. Что Вы любите делать вечером? гулять...

**D. Léirthuiscint (40 marc)**

Léigh an téacs agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge**.

***Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.***

***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh/coincheap atá ceart (gach smaoineamh/coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh/coincheap atá ceart go páirteach [mura luaitear a mhalairt].***

Léigh trí na téacsanna gearra ar shuíomh gréasáin Scoil Uimhir 20 i gcathair Minsk (http://gymn20.minsk.edu.by/main.aspx?guid=2691). Freagair na ceisteanna atá faoi gach roinn i nGaeilge. (2 mharc in aghaidh an fhreagra; 20 x 2 = 40)

**Roinn 1 (5 x 2)**
*1. Cad iad na spóirt a imríonn Evgeniy agus Kisel? (2 x 2 = 4)*
Evgeniy: peil / i bhfoireann peile
Kisel: eitpheil

*2. Is dóigh le Evgeniy go mbaineann tábhacht le rudaí áirithe i gcúrsaí peile agus sa saol. Tabhair sampla **amháin**. (1 x 2 = 2)*
Ceann díobh seo: obair bhuíne / cumas oibriú le daoine eile + araíonacht + creideamh / iontaoibh i mbaill den fhoireann

*3. Cén ócáid spóirt a reáchtáladh in Grodno in 2012? (1 x 2 = 2)*
ilchomórtas / comórtas / corn / imeacht eitpheile

**1 mharc as**: comórtas

*4. Cén fáth a raibh Kisel sásta leis an gcaoi ar éirigh lena fhoireann in Grodno? (1 x 2 = 2)*
Ceann díobh seo: tháinig a fhoireann sa tríú háit + toradh maith a bhí ann + bhí na foirne is fearr sa tír ag dul san iomaíocht / bhí an comórtas doiligh

**Roinn 2 (5 x 2)**
*1. Luaigh **trí** shonra faoi Gleb. (3 x 2 = 6)*
Trí cinn díobh seo: i rang 7 + is é Remnev a shloinne + imríonn sé haca + taitníonn haca leis + imríonn sé d'fhoireann (i Mionsc) + caitheann sé (geansaí) #21 + imríonn sé mar chosantóir (ar dheis) + tá sé ag imirt le 5 bliana anuas + tá sé 12 bhliain d'aois + síleann sé go bhfuil imreoirí haca éirimiúil / cliste / beartach / cróga + síleann sé go bhfuil an spórt tábhachtach sa saol + éiríonn duine dea-mhéineach / láidir / folláin trí spórt

*2. Baineann Kirill taitneamh as bheith ag féachaint ar an bpeil. Cén club Sasanach a dtugann sé tacaíocht dó? Cén t-imreoir a bhfuil meas aige air? (2 x 2 = 4)*
Liverpool + Steven Gerrard

**Roinn 3 (5 x 2)**
*1. Cad iad na tíortha inar imir foireann peile Dmitri i gcomórtais idirnáisiúnta? Ainmnigh **trí** thír. (3 x 2 = 6)*
Trí cinn díobh seo: an Pholainn + an Liotuáin + an Úcráin + an Bhealarúis

*2. Labhraíonn Valeria faoi na buntáistí a bhain sí as bheith ag imirt eitpheile. Luaigh **dhá** cheann de na buntáistí a luann sí. (2 x 2 = 4)*
Trí cinn díobh seo: thaistil sí go fairsing + d'fhoghlaim sí a lán + d'fhoghlaim sí (cuid mhór) nithe spéisiúla + tá cairde suntasacha / iontacha aici + d'éirigh sí ina duine eagraithe + d'éirigh sí ina dalta níos fearr

**Roinn 4 (5 x 2)**
*1. Cén cur síos a dhéanann Ekaterina ar an bhfoireann haca oighir aici? Luaigh sonra **amháin**. (1 x 2 = 2)*
Ceann díobh seo: Panther an t-ainm atá uirthi + cairdiúil + cabhraíonn gach duine lena chéile

*2. Cén cur síos a dhéanann Ekaterina ar an traenálaí aici? Luaigh sonra **amháin**. (1 x 2 = 2)*
Ceann díobh seo: Vasiliy / Nikolaevich / Pankov an t-ainm atá air + tá sé (iontach) cineálta + tá sé (iontach) éilitheach

*3. Tabhair **dhá** shonra faoi chóras traenála Artem. (2 x 2 = 4)*
Dhá cheann díobh seo: (caitheann sé a chuid ama ar fad ag imirt) **peile** + traenálann sé 7 n-uaire sa tseachtain / gach lá + traenálann sé ar feadh 2.5 uair an chloig sa lá + traenálann sé sa Lárionad um ullmhú Oilimpeach + tá na héilimh an-mhór + tá sé deacair é a chomhcheangal leis an scoil

*4. Cad ba mhaith le Artem a dhéanamh san am atá romhainn? (1 x 2 = 2)*
Ceann díobh seo: ba mhaith leis a bheith ina pheileadóir (gairmiúil) / ba mhaith leis gabháil do ghairm i bpeil + ba mhaith leis imirt d'fhoireann eachtrach
Leithdháil marc amháin as peil a lua.

**ROINN II (60 MARC)**

**A. Freagraí gearra: léirthuiscint cultúir (30)**
Scríobh 3-5 abairt ar **DHÁ** cheann de na topaicí seo a leanas i Rúisis **nó** i nGaeilge. Ba chóir go mbeadh **trí** shonra fhíorasacha i ngach freagra. Bronntar marcanna as ábharthacht na bhfreagraí agus as leanúnachas sa téacs.

Scríobh síos teidil na n-aistí lena chur in iúl céard iad na haistí atá á scríobh agat.

Bia agus cócaireacht na Rúise (русская кухня)
Litríocht na Rúise (русская литература)
An Rúisis in Éirinn (русский язык в Ирландии)
Siopaí agus siopadóireacht i gCónaidhm na Rúise (магазины, рынки в Российской Федерации)
Cúrsaí spóirt i gCónaidhm na Rúise (спорт в Российской Федерации)
Ceol na Rúise (русская музыка)
Cúrsaí oideachais i gCónaidhm na Rúise (система образования в Российской Федерации)

*Ní bheidh caighdeán na Gaeilge/na Rúisise ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.*

| | | |
|---|---|---|
| *Ábhar gach freagra* | *12* | *Leithdháil 4 mharc as gach smaoineamh/coincheap atá ceart suas go dtí 12 mharc ar a mhéad;*<br>*Leithdháil 2 mharc as smaoineamh/coincheap atá ceart go páirteach suas go dtí 6 mharc ar a mhéad.* |
| *Comhleanúnachas téacsúil* | *3* | *Leithdháil 3 mharc as comhleanúnachas téacsúil (nuair is iomchuí).* |
| | *3* | *Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad.* |
| | *2* | *Forbairt déanta go ginearálta ar ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, go ginearálta, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna.* |
| | *1* | *Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus/nó neamh-uaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus/nó athráiteach in amanna.* |
| | *0* | *Cumas teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr.* |

**B. Scríbhneoireacht Leanúnach(30)**

Scríobh 6 -10 abairt ar cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas **i RÚISIS**.

**1. Mar a chaitheann tú na laethanta saoire.**

Tá alt á scríobh ag iriseoir faoi conas a chaitheann daoine óga an t-am saor a bhíonn acu agus faoi conas a ligeann siad a scíth. Iarrann sé ort a insint dó cad a dhéanann tú de ghnáth le linn na laethanta saoire / na saoire bliantúla. Ná déan dearmad a insint dó (1) cathain a bhíonn laethanta saoire agat; (2) cá gcaitheann tú na laethanta saoire; (3) cén fáth ar maith leat na laethanta saoire a chaitheamh ansin; (4) cad a dhéanann tú san aimsir mhaith agus sa drochaimsir; (5) cé leis a mbuaileann tú agus cad a dhéanann sibh le chéile; (6) cad a dhéanann tú nuair a bhíonn tú I d'aonar.

На улице к Вам подошел журналист, который пишет о том, как молодые люди проводят свободное время, отдыхают.Он просит Вас рассказать,что Вы обычно делаете во время каникул или отпуска. Расскажите ему об этом.

Незабудьте, что из вашего рассказа ученые должны узнать:

1. когда у Вас бывают каникулы (отпуск);
2. где Вы обычно отдыхаете (место: ваша страна или другая страна; родной город или другие города; город или деревня; горы; море; лес);
3. почему Вам нравится это место (природа; архитектура; новые или знакомые места);
4. чем Вы занимаетесь в хорошую или плохую погоду;
5. с кем Вы встречаетесь во время каникул (отпуска); что Вы обычно делаете, куда ходите, ездите вместе с друзьями, с семьей и т.д.;
6. что Вы делаете, если отдыхаете один (одна).

NÓ

**2. Cuir agallamh ar Rúiseach cáiliúil.** Ba chóir 5 cheist a chur agus a fhreagairt i d'agallamh.

Составьте интервью с известным русским человеком.

NÓ

**3. Scríobh litir chuig cara pinn sa Rúis.**

Ba mhaith leat scríobh chuig cara pinn sa Rúis. Scríobh litir chuige/chuici agus inis dó/di fút féin. Ba chóir go gcabhródh na ceisteanna seo a leanas leat: (1) Cén t-ainm atá ort? (2) Cad a dhéanann tú? (3) Cén aois thú? (4) Abair cúpla focal faoi do theaghlach. (5) Cad a dhéanann do thuismitheoirí? (6) Cá bhfuil cónaí ort? (7) Conas is maith leat do chuid am saor a chaitheamh?

Вы хотите переписываться с жителем России.Напишите ему письмо и расскажите о себе.Данные ниже вопросы помогут Вам. Как Вас зовут? Кто Вы? Сколько Вам лет? Какая у Вас семья? Кто ваши родители? Где Вы живете сейчас? Что Вы любите делать в свободное время?

NÓ

**4. Scríobh CV i Rúisis.** Sa CV tabhair eolas faoi d'oideachas go dtí seo, na saghsanna caitheamh aimsire atá agat, do thréithe pearsanta agus (má tá a leithéid agat) do thaithí oibre. (Ná luaigh d'ainm féin ná do shonraí teagmhála féin, le do thoil.)

Составьте резюме с описанием образования, хобби, личных качеств и опыта работы, если есть.

***GACH CEANN: Leithdháil marc as ábhar + cumas scríofa (ex 24) mar atá léirithe thíos. Leithdháil leathchuid den mharc ar fáil as an bhfeidhm riachtanach a chomhlíonadh/as an eolas riachtanach (stór focal) a sholáthar agus leathchuid den mharc ar fáil as ionramháil na teanga (cruinneas/oiriúnacht). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar breise.***

*2 phointe as sonraí den ábhar suas go dtí 12 phointe ar a mhéad*

Cruinneas agus líofacht

| Marc | Teanga: cruinneas, líofacht |
|---|---|
| 12 | Beagnach gan locht maidir le cruinneas. Léirítear leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
| 10-11 | Beagán earráidí, mion-earráidí an chuid is mó acu. Ionramháil mhaith teanga. |
| 7-9 | Déantar roinnt earráidí móra gramadaí, ach gan lagú rómhór á dhéanamh ar chumarsáid. Ionramháil na teanga idir a bheith sásúil agus go maith. |
| 4-6 | An chumarsáid lagaithe ag earráidí bunúsacha go minic e.g. comhaontuithe, foirmeacha briathra.<br>Gan ach cumas teoranta in ionramháil na teanga; teanga ‘aistrithe’ shimplí go príomha, a chuireann bac ar chumarsáid. |
| 1-3 | Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin. Earráidí bunúsacha ann an-mhinic. Ar bheagán cumais in ionramháil na teanga. |
| 0 | Eolas agus réimse chomh teoranta sin nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith. |

***Leithdháil 6 mharc as comhleanúnachas téacsúil:***

***6*** ***Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad.***

***4-5*** ***Forbairt déanta go ginearálta ar ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, go ginearálta, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna.***

***2-3*** ***Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus/nó neamh-uaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus/nó athráiteach in amanna.***

***1*** ***Cumas teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr.***

***0*** ***Eagraithe chomh dona sin agus an oiread sin easpa comhleanúnachais ann nach féidir aon chreidiúint a thabhairt.***

## Cluastuiscint

Ginearálta:

- Níl aon phionós ann d'ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
- Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
- Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.
- Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.
- Má tá an freagra scríofa go hiomlán i Rúisis – ná gearr pionós. Má tá gnéithe leithlisithe (focail/nathanna) de Rúisis san áireamh sa fhreagra – ná gearr pionós.

***Bronn CÚIG mharc as gach pointe ceart/ábhartha.***

### ROINN I

*1.i Cé mhéad atá infheistithe ag Elena Baturina in athchóiriú Óstán Morrison?*
(b) 7 milliún

*1.ii Cathain a cheannaigh Elena Baturina an t-óstán?*
(b) Feabhra 2012

*2. Cé a bheidh ag seinm in éineacht le Vladimir Yablokov sa cheolchoirm atá le bheith ar siúl? Luaigh sonra* ***amháin****.*

Ceann díobh seo: a theaghlach / a thuismitheoirí agus a dheartháireacha agus a dheirfiúracha (go léir) + Claudia Boyle (soprán) + Simon Morgan (teanór)

*3. Bronnadh bonn ar fhear óg Laitviach as buachaill óg a tharrtháil ar thrá in Éirinn. Cén áit ar tharla an eachtra sin?*
(c) Cill Mhantáin

*4.i Cén áit ar cuireadh suas dealbh le honóir do Thomas Moore le déanaí?*
(c) Cathair Pheadair

### ROINN II

*1. Cad é an phríomhfhoirm ealíne á ceiliúradh le linn Sheachtain na hÉireann?*
b. scannánaíocht

*2.i Cén t-am a mbeidh an pharáid ar siúl?*
b. 12.00-15.00

*2.ii Seachas an pharáid, cén saghas siamsaíochta a bheidh ar fáil? Tabhair* ***dhá*** *shonra.*

Dhá cheann díobh seo: ceol + damhsa + greann / coiméide + comórtais / cluichí + carnabhal + cóisir Éireannach + daoine gléasta i nglas

*3. Cad a tharlóidh ar 16.00?*
c. féile mhór

**ROINN III**

*1. Cé atá faoi agallamh? Tabhair sonra **amháin**.*

Ceann díobh seo: Ekaterina Kudriavtseva + aistritheoir (gairmiúil) + údar tionscadal Idirlín + údar “Translation without borders/limits”

*2. Cén rud a bhfuil sí á ceistiú faoi? Tabhair sonra **amháin**.*

Ceann díobh seo: an líon teangacha / líon na dteangacha a mbaineann aistritheoirí úsáid astu go gairmiúil + difríocht idir aistritheoirí agus ateangairí

*3. Baineann a lán buntáistí leis an ngairm seo.*
*Tabhair sonra **amháin**.*

Ceann díobh seo: (deis le) taisteal + eolas a fháil ar thíortha + eolas a fháil ar chultúir eile + eolas a fháil ar thraidisiúin eile + bualadh le daoine (nua, spéisiúla) + pá maith + torthaí

*4. Tá an suíomh ar fáil ina lán tíortha. Ainmnigh **dhá** cheann díobh.*

Dhá cheann díobh seo: an Rúis + an Úcráin + SAM + an Ghearmáin + an Fhrainc + an Bhealarúis + an Chasacstáin + an Iodáil + an Laitvia + an Ostair + an Eastóin + Iosrael + an Ríocht Aontaithe + an Bheilg + Ceanada + an Pholainn + an tSualainn + an Spáinn + Poblacht na Seice + an Ísiltír

**ROINN IV**

*1. i Cé hé Andrei Makarevich? Tabhair sonra **amháin**.*

Ceann díobh seo: Ceoltóir + amhránaí + file + cumadóir + ealaíontóir + léiritheoir + láithreoir teilifíse (Sóivéadach / Rúiseach)

*1.ii Cén ghairm atá ag a athair?*

a. ailtire

*2. Tabhair sonra **amháin** faoi chaitheamh aimsire/ ábhar spéise atá ag Makarevich (seachas ceol).*

Ceann díobh seo: snámh + sciáil + filíocht a chumadh

*3. Cén t-ainm a bhí ar a racghrúpa?*

d. The Time Machine

*4. Cén bhliain inar chríochnaigh Makarevich a chuid scolaíochta?*

b. 1971